Tomás An tIora Rua

Is mise Tomás an t-iora rua
Táim tar éis bheith ag obair go crua
Ag bailiú bia don Gheimhreadh atá romhainn
Anois isteach sa leaba liom
Mé féin is mo theidí beag donn
Ach níl aon chodladh tagtha orm mo bhrón

Curfá:
Comhairím caoirigh comhairím cnónna
Comhairím na ribí ar mo ruball teolaí
Ach níl aon chodladh tagtha orm go fóill
Comhairím caoirigh comhairím cnónna
Comhairím na ribí ar mo ruball teolaí
Ach suan ná séan ní bhfuair mé féin go fóill
Suan ná séan ní bhfuair mé féin go fóill.

Ólaim muga seacláid the
Ithim cupla cnó beag leis
Casaim fiche véarsa d'amhrán
Téim ar ais ar an leaba arís
Dúnaim mo shúile is luím siar
Ach níl aon chodladh orm mo chreach 's mo chrá

Curfá

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin